

Fear an Phobail um Pinsin ■ Pensions Ombudsman

# Tuarascáil Bhliantúil 2004



# Tuarascáil Bhliantúil Fhear An Phobail Um Pinsin, 2004

O

Fhear an Phobail um Pinsin Tuarisc Bhliantúil 2004

1



Oifig Fhear an Phobail um Pinsin  
36 Sráid an Mhóta Uacht  
Baile Átha Cliath 2  
Teileafón (01) 647 1650  
[www.pensionsombudsman.ie](http://www.pensionsombudsman.ie)

## Ráiteas Misin

Imscrúdú a dhéanamh agus cinneadh a ghlacadh ar bhonn neamhspleách agus neamhchalonta i dtaobh gearán agus conspóidí a bhaineann le scéimeanna pinsin ceirde agus Scorchuntais Taisce Pearsanta (PRSAanna)

# Clár Ábhar

Réamhnóta	4
Cuid 1 – Réamhrá	5
Cuid 2 – Coimriú ar Imeachtaí 2003	6
Cuid 3 – An Bhliain 2004	9
Cuid 4 – Coimriú ar Riar Cásanna agus Staitisticí 2004	12
Cuid 5 – Ceachtanna atá Foghlamtha	15
Cuid 6 – Conclúid	22
Cuid 7 – Na Cuntais Airgeadais	23
Aguisíní	24

O

Fear an Phobail um Písin Tuairse-Bhliantúil 2004

3

# Réamhnóta



A Aire,

Is ábhar áthais dom mo chéad Tuarascáil Bhliantúil ar bhliain iomlán a chur faoi do bhráid faoi Mhír 144, Acht na bPinsean. Mar is eol duit, chuir mé tuairisc ghairid ar fáil ar an tréimhse ó Aibreán 2003 nuair a ceapadh mé go deireadh na bliana sin. Tá ábhar na tuairisce sin coimrithe sa tuarascáil seo freisin.

Rinneadh dul chun cinn ó bhunú na hoifige agus leanadh leis sin i gcaitheamh na bliana 2004. Tá an scéal amhlaidh de thoradh an tacaíocht a chuirtear ar fáil dom go leanúnach, uaitse, agus ón Aire a bhí romhat, Máire Uí Chochláin, TD, do fhoireann sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, go háirithe an tAonad Pleanála, a fheidhmíonn mar cheangal idir mise agus an Roinn. Faighim tacaíocht chomh maith ó Bhainistíocht na nÁiseanna, Seirbhísí IS, Pearsanra, Brainse na gCuntas agus daoine eile a thug cúnaimh dom an oifig seo a bhunú. Táim faoi chomaoin mhór de bharr na cabhrach seo atá ina chuid lárnach do dhul chun cinn na hOifige seo.

Tháinig méadú cothrom ar líon cásanna na hOifige i rith 2004 agus tá an chuma ar an scéal go bhféadfadh sé méadú i bhfad ní ba mhó i 2005. Déanfaidh mé cur síos sa tuarascáil ar ball ar fhoinsí an mhéadaithe seo.

Déanfaidh mé tagairt chomh maith do na ceachtanna is féidir a fhoghlaim ó imscrúduithe a dhéanamh ar na gearáin agus na conspóidí go dtí seo. Anuas air sin, mar atá luaite, tá giorrachán curtha ar fáil agam taobh leis an tuarascáil seo de chásanna a d'fhéadfadh bheith mar chabhair agus eolas do lucht conspóidí agus do na daoine a láimhseálann na gearáin. Ní chuirtear in iúl cé hiad na daoine a dhéanann gearáin ná na freagróirí. Is mise a ghlacann an cinneadh go gcaithfear príobháideachas daoine áirithe a chosaint.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl arís thar mo cheann féin agus thar ceann na foirne as an gcomhoibriú a thugann foireann an Bhoird Pinsin dúinn an uair go raibh an Bord ag plé le cásanna atá faighte agam le himscrúdú, agus cead againn comhaid agus bunachair eolais an Bhoird a léamh.

Ar deireadh, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le m'imscrúdaitheoirí féin agus leis an bhfoireann tacaíochta as a ndúthracht agus a saothar. Is mór atá déanta acu ar mhaithe le dul chun cinn leanúnach na hOifige seo.

Beir beannacht,

**Paul Kenny**

*Fear an Phobail um Pinsin*

Bealtaine 2005

# Cuid 1

## Réamhrá

Toisc gurb é seo an chéad tuarascáil d'Oifig Fhear an Phobail um Pinsin ar bhliain iomlán airgeadais, tugaim gearrchuntas ar imeachtaí na bliana 2003 ón am a ceapadh mé in Aibreán 2003 go deireadh na bliana sin. Tugann an chuid is mó den tuarascáil faisnéis airgeadais agus forbairtí faoi cheanteidil éagsúla a bhaineann le riaradh na hOifige, cur síos ar na cásanna oibre a bhí idir lámha agus ar nithe tábhachtacha a tháinig chun cinn le linn na hoibre sin: d'fhéadfadh impleachtaí bheith ag cuid de sin le polasaí agus rialachán sa toadhchá. Tá aird ar leith tugtha ar fhadhbanna athfhillteacha agus is é mo thuairim gur féidir feabhas a chur ar riaradh scéimeanna pinsean.

I rith na bliana, tháinig mé ar nithe a léiríonn go bhfuil briseadh dlí i gceist maidir le hAcht na bPinsean agus reachtaíocht eile. Ní thagann géilleadh d'Acht na bPinsean a phóilíníú faoi mo chúramsa, ach tá mar pholasaí agam briseadh dealraitheach a chur ar a shúile don Bhord Pinsean má chreidim go bhfuil siad tromchúiseach go leor le tuilleadh mionscrúduithe a dhéanamh orthu. Ar an dul céanna, is é polasaí na hOifige seo aire na n-údarás cuí a dhíriú ar aon bhriseadh dlí nó riachtanais rialacháin nuair atá mí-úsáid i gceist leis an dlí-bhriseadh nó bagairt ar shábháilteacht na mball agus tairbhithe na scéimeanna pinsean ceirde agus PRSAanna.

Ar bhonn praiticiúil is dócha go mbeadh tuairisciú ar gach aon briseadh dlí d'Acht na bPinsean neamhcúntach. Faoi láthair, is é cúisiú coiriúil an t-aon smachtbhanna atá ar fáil ag an mBord Pinsean. Dá bhrí sin le bheith réadúil, ní mór don Bhord a chuid acmhainní a dhíriú ar an mbriseadh dlí is tromchúisí nó is follasaí nó cásanna ina mbíonn sárú dlí ar siúl arís agus arís eile. Is é mo thuairim thomhaiste go mba cheart córas de phionóis shibhialta a bheith ar fáil ag an mBord chun gur feidir leis déileáil le coireanna beaga; biodh is nach bhfuil dainséar mór i gceist do chearta tairbhithe na scéime, ba cheart cur in n-aghaidh. Tá córas dá leithéid ar fáil cheana féin don Rialóir Seirbhísi Airgeadais, IFSRA.

Siúd is nár tháinig an cheist seo chun cinn go praiticiúil, tá sé mar pholasaí agam chomh maith, nuair nach mbíonn freagróirí sásta comhoibriú le himscrúdú na hOifige seo, tús a chur le cúisiú faoi théarmaí Acht na bPinsean, más dóigh liom go raibh an bacadh á dhéanamh d'aon ghnó nó go rabhthas ag féachaint len é a dhéanamh.

O

Fear an Phobail um Pinsin Tuarascáil Bhliantúil 2004

5

## Cuid 2

# Coimriú ar Imeachtaí 2003

### Ceapachán

Ceapadh mé mar Fhear an Phobail ar 28 Aibreán, 2003. Ní raibh an creatlach reachtaíochta ullamh ag an am sin leis an Oifig a bhunú. Ni fhéadfaí tús a chur le feidhmiú go foirmeálta go dtí go raibh na Rialacháin i bhfoirm Ionstraim Reachtuil, Uimh. 397 agus 398, 2003 déanta ar 2ú Meán Fómhair, 2003. Dheimnigh na Rialacháin sin 2ú Meán Fómhair 2003 mar dháta tosaithe m'Oifige.

### Obair Ullmhúcháin

Fuair an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh an t-áitreabh dom ach ba ghá cuid mhór obair athchóirithe a dhéanamh leis an Oifig a chur in oiriúint de bhrí go raibh eagrais éagsúla lonnaithe go sealadach ann leis na blianta. Níor mhór an obair a chur i gcrích go tapaidh ionas go bhféadfaimis feidhmiú sna hoifigí i lár mhí Lúnasa, le bheith in am don oscailt fhoirmeálta ar 2ú Meán Fómhair. Ordaíodh fearais oifige, troscán, ríomhairí, agus córas teileafóin. Caitheadh €160,000 ar fad ar athchóiriú na hoifige i rith na bliana 2003.

San idirlinn, bhí obair dheartha á déanamh ar an logo agus ar an suíomh gréasáin. Thosaigh mé ar leabhráin eolais a dhréachtadh agus cuireadh i gcló iad i 2004. De bhreis air sin, fobraíodh córas nua le cásanna a bhainistiú ionas go bhféadfaí tuairisc a choinneáil ar na gearáin agus iad a leanúint. Rinneadh é seo le cúnamh pearsanra san Aonad IS, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh.

Díríodh ansin ar fhoireann a earcú agus ceapadh na daoine seo a leanas: Jean O'Toole, Ard Oifigeach Feidhmiúcháin, Martina Brennan agus Michelle O'Keefe mar Oifigigh Chléireachais. Ceapadh Kevin Lonergan, Príomhoifigeach mar Cheann na nImscrúduithe i mí Mheán Fómhair 2003 agus Gerard Hughes, Príomhoifigeach Cúnta mar Imscrúdaitheoir i 2003. Ceapfaí beirt imscrúdaitheoirí eile le linn 2004.

I gcaitheamh na tréimhse seo, bhí an-chuid teagmhála le hOifigí na bhFear um Phobail in Éirinn agus sa Bhreatain chomh maith le Rialóirí, eagraíochtaí sa tionscal pinsean, cumainn phroifisiúnta agus daoine eile.


### Láimhseáil na nGearán

Sular osclaíodh an oifig, bhí 53 comhad de ghearáin oscailte. Sa tréimhse idir 2 Meán Fómhair agus deireadh na bliana, achar ceithre mhí, fuarthas 102 gearáin eile agus bhí 155 comhad gearán ar fad i gceist don bhliain.

Bhí 30 (19%) de na gearáin sin lasmuigh de théarmaí tagartha na hOifige agus bhain a bhformhór san le Oifigigh Fhear an Phobail eile nó le Rialóirí. Tuigtear é seo go speisialta le linn na chéad bhliana oibre d'eagras nua i mbun gearáin a láimhseáil toisc go raibh míthuiscint áirithe bainteach le ról agus téarmaí tagartha na hOifige. Le himeacht aimsire, tháinig feabhas ar an scéal seo de thoradh feachtais faisnéise agus scaipeadh litríocht faisnéise ar an bpobal. Bíodh is go bhfuarthas réiteach ar roinnt áirithe gearán (10) trí idirghabháil, ní bhfuarthas aon fhoirceannadh deiridh i rith na gearrbhliana tosaigh. Ní raibh cuid de na himscrúduithe ach blúire ó bheith réitithe go hiomlán agus bhí 112 comhad oscailte fós ag deireadh na bliana. Bhain 53% de na gearáin a fuarthas le scéimeanna pinsean ceirde san earnáil phríobháideach agus bhain 46% le scéimeanna sa tseirbhís phoiblí. Aon ghearán amháin a tháinig chugainn i dtaobh PRSAanna.

Tugann Figiúir 2.1, 2.2 agus 2.3 faisnéis staitistiúil ar ghearáin a fuarthas i rith 2003 agus cuimríonn siad cuid de na gearáin i nGiorrachán na gCásanna atá foilsithe leis an tuarascáil seo. Tá breis staitisticí ó 2003 ar fáil san anailís staitistiúil níos déanaí sa tuarascáil seo.

FIGIÚR 2.1 – CLABHSÚR NA gCOMHAD I RITH 2003 AGUS AN FÁTH A BHÍ LEIS




**Nótaí:** IDR – Réiteach Inmheánach Conspóide

OTOR – Lasmuigh de na Téarmaí Tagartha

Tugann “Idirghabháil nár éirigh léi” le fios nár réitíodh an bhuncheist i gcaoi abhí sásúil don ghearánaí mar thoradh ar an bpróiseas idirghabhála.


Ciallaíonn “Idirghabháil ar éirigh léi” go raibh an gearánaí sásta le fuascailt na buncheiste.

FIGIÚR 2.2 – GEARÁIN DE RÉIR AN tSAGHAIS SCÉIME 2003





FIGIÚR 2.3 – COIMRIÚ AR SHRUTH OIBRE 2003



# Cuid 3

## An Bhliain 2004

Ceann de na tosaíochtaí a bhí agam i 2004 ba ea próiseas na hearcaíochta chun foireann iomlán a chur i gcrích. Ceadaiigh an leibhéal foirne don Oifig foireann imscrúdaithe le Príomh Imscrúdaitheoir, agus triúr imscrúdaitheoirí a earcú. Ag deireadh 2003, ámh, ní raibh ceaptha ach an Príomh Imscrúdaitheoir agus imscrúdaitheoirí amháin. Earcaíodh an bheirt Imscrúdaitheoirí eile tríd an Seirbhís um Cheapacháin Poiblí agus bhí m'oifig ar cheann de na heagraíochtaí ba thúisce a bhain tairbhe as an struchtúr athbheithnithe a chuir an stát seirbhís i bhfeidhm faoin 'Dul Chun Cinn a Choinneáil' chun teacht ar dhaoine a ceapadh ag an leibhéal sinsearach trí earcaíocht sheachtrach.

Mar thoradh air seo, ceapadh Joan Bray agus Cairíona Collins mar imscrúdaitheoirí ag leibhéal Príomhoifigigh Chúnta. Bhí an bheirt acu ag obair cheana san earnáil príobháideach agus chuir sé sin comhbhonn faoin taithí ar fhaisnéis pinsean príobháideach agus phoiblí. Tugann sé seo an Oifig go dtí an leibhéal cuí foirne faoin a bhfuil ceadaithe faoi láthair.

Ní mór, áfach, an leibhéal foirne a choinneáil faoi athbheithniú de shíor mar tá le tuiscint ó threonna reatha na ngearán go mbeidh éileamh níos mó ar ár seirbhísí, agus bíonn na gearánaithe ag súil le cinneadh tráthúil ar a ngearán, mar is ceart. Go dtí go mbeidh breis taithí againn, ní bheidh ar ár gcumas measúnú réalaióch a dhéanamh ar na riachtanais foirne sa bhfadtréimhse. Is féidir liom a rá anois, sna laethanta tosaigh i 2005, go bhfuil dúbailt ar líon na ngearán atá a fháil againn go seachtainiúil i gcomparáid le 2004.



Foireann Oifig Fhear an Phobail um Pinsin

Bhí stair na gcásanna suntasach go maith sna gearáin a fuairamar i dtosach, mar a thuigfeá, agus bhí imscrúdú déanta ag an mBord Pinsean agus/nó ag córais mion achomhairc laistigh de na scéimeanna féin. Éilíonn na cásanna seo cuid mhaith ama len iad a phróiseáil. Tá súil agam nach mbeidh cuid de na cásanna nua chomh dian ó thaobh ama de chun déileáil leo. Déanaimid tomhas agus nóta den am meánach a ghlacann sé imscrúdaithe a phróiseáil, ach d'fhéadfadh sé sin gan an t-eolas ar fad a leiriú mar baineann a thréithe féin le gach aon imscrúdú.

### Ráiteas Straitéise

Foilsíodh Ráiteas Straitéise don tréimhse 2004-2006 in Eanáir 2004 agus déanann sé cur síos ar an ról agus na feidhmeanna atá agamsa chomh maith leis na haidhmeanna don todhchaí réamhfheicthe. Forbairt thábhachtach ba ea é seo mar chuir sé an fócas ar fheidhmeannacha lárnacha na hOifige, chabhraigh sé leis an Ráiteas Straitéise a ghlacadh agus thug sé na critéir is gá don idirghníomh leis na gearánaithe agus na freagróirí. Ionas go mbeidh toradh air seo ní mór don straitéis a bheith ábalta í féin a chur in oiriúint do chúinsí a mbíonn ag athrú. Bíodh is go ndéanfar athbheithniú foirmealta ar an Ráiteas Straitéise i 2007 coimeádfar faoi athbheithniú leanúnach í.

### Faisnéis

Caitheann an fhoireann cuid mhaith ama ag cur eolais ar fáil do daoine aonair. Déileáladh le breis agus 1,300 glaoch teileafóin i rith 2004. Cuireann daoine glaoch agus tagann said go dtí an oifig lena gcuid fadhbanna a phlé – go minic is mian leo a fháil amach an bhfuil fíorghearán acu, nó ar cheart dóibh an gearán a d'aimsigh siad a chur ar aghaidh in aon chor. Sé an a bhíonn i gceist le seo go minic ná an gearán a chur ar aghaidh go dtí an Réiteach Inmheánach Conspóide/IDR, má bhíonn sin oiriúnach, nó comhairle a thabhairt dóibh dul chun cainte le hiontaobhaithe na scéime, Fear an Phobail eile, Rialóir nó áisinteacht stáit mar ghheall ar an

bhfadhb. Is léir go mbíonn deacrachtaí ag a lán daoine i dtaobh an duine ba cheart dóibh dul chun cainte leis/léi i dtaobh an ghearáin. Tógann sé sin ceisteanna faoi cháilíocht agus tráthúlacht na faisnéise a chuirtear ar fáil do bhaill na scéimeanna pinsean. Is féidir feabhas a chur ar na cúrsaí seo, cinnte. Is ábhar áthais dom a nótaíl go bhfuil an Bord Pinsean ag breathnú faoi láthair ar oiriúnacht na rialacha atá i bhfeidhm ar fhaisnéis a nochtadh agus go mb'fhéidir go gcuirfear rialacháin nua ar fáil ar ball.

Ar bhonn níos gineareálta, chuireamar béim ar fheasacht, ar níos mó poiblíochta a fháil don Oifig i 2004. Fóbraiodh ár suíomh gréasáin [www.pensionsombudsman.ie](http://www.pensionsombudsman.ie) go himmheánach tríd an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh agus bhuaigh sé duais de bharr éifeacht an deartha. Deineadh forbairt bhreise ar an suíomh agus cuireadh leis i 2004. Bhaineamar feidhm as beagán fógraíochta agus chuireamar altanna chuig go leor foilseacháin pinsean agus irisí eile. Scríobh mé alt rialta in "Irish Pension News", an iris atá ag an gChumann Éireannach um Chistí Pinsean. Lena chois sin, bhí an fhoireann ag obair lena gcomhleachaithe sa Bhord Pinsean le linn Sheachtain um Fheasacht Pinsean agus bhí roinnt seisiún faisnéise poiblí timpeall na tíre. Tugadh léirithe d'eagraíochtaí proifisiúnta agus ionadaíoch. Ina measc bhí an Cumann Éireannach um Chistí Pinsean, an Institiúid Éireannach do Bhainsiteoirí Pinsean, Institiúid Árachais na hÉireann, Institiúid na gCuntasóirí Cairte Poiblí, Pairlimint na Seanóirí, aonad na mBall ar Scor, SIPTU agus go leor eile.

Bhí na leabhráin ag cur síos ar ról agus fheidhmeanna na hOifige mar phríomhacht againn. Seoladh trí leabhrán in Eanáir, 2004 – an chéad leabhrán ar ghearáin, bhain an dara ceann leis na daoine a bhíonn ag plé le Réiteach Inmheánach na gConspóidí agus an tríú ceann le freagróirí i leith gearáin. Tá téacs na leabhrán ar fad dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla, agus tagann sé sin leis an bpolasaí a chuir mé i bhfeidhm ón tús.

Scaipeadh na leabhráin seo ar leabharlanna poiblí, Ionaid Eolais do Chathróirí, Oifigí Leasa Shóisialaigh agus ceárd chumainn chomh maith leis an tionscal i gcoitinne agus ar áisinteachtaí a bhíonn ag plé le daoine críonna. Bíonn na leabhráin ar fáil ag comhdhálacha agus imeachtaí eile ar a mbím féin agus ionadaithe na hOifige ag freastal.

### Teagmhálacha Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Chomh maith leis na teagmhálacha a bhí agam leis na heagrais a luaigh mé cheana bhí comhráití agam i rith na bliana leis Ombudsman, le Fear an Phobail um Árachas in Éirinn, Stiúrtóirí na dTomhaltóirí IFSRA agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh. Bhí comhráití agam freisin leis na Coimisinéirí Ioncaim, An Bord Pinsean, Fear an Phobail um Pinsin sa Bhreatain, Cumann Réamh-Scoir na Breataine, agus an Institiúid Bhainistíochta Pinsean. Ba mhór an chabhair iad na cruinnithe seo dom mar bhí deis agam foghlaim ó thaithí eagrais eile ag déileáil le ceisteanna na dtomhaltóirí.

Is ball mé d'Eagraíocht Fhear an Phobail sa Bhreatain agus in Éirinn (BIOA) agus glacann an fhoireann páirt ghníomhach ina cuid imeachtaí agus tá ionadaíocht acu ar na grúpaí spéise a bhíonn ag plé le gnéithe éagsúla d'obair Fhear an Phobail. Is maith is fiú bheith páirteach sna himeachtaí dinimiciúla an eagrais seo. Siad seo a leanas príomh-aidhmeanna an BIOA:

- a) ról agus teideal Fhear an Phobail a mhinsiú, a forbairt agus a chosaint san earnáil phoiblí agus phríobháideach.
- b) na critéir le hoifigí Fhear an Phobail a shainmhíniú, a fhoilsiú agus a choinneáil faoi athbhreithniú ag an Eagrais.
- c) aitheantas poiblí a thabhairt do na daoine agus na hoifigí sa Bhreatain agus sna críocha spleácha, na hOileáin Mhuir nIocht, Oileán Manann, agus Poblacht na hÉireann a shásaíonn na critéir shainmhínte le haghaidh aitheantais.

- d) na caighdeáin den chleachtas is fearr atá le baint amach ag fir an phobail a leagan amach agus a chur chun cinn.
- e) cruinnithe, comhdhálacha agus seimineáir a chur ar fáil, eolas a phoibliú, agus gníomhú in imeachtaí eile a d'fhéadfadh feabhas a chur ar fheasacht phoiblí i gcomhair scéimeanna aitheanta Fhear an Phobail agus a n-éifeachtacht agus éifeacht a ghríosadh.

### Oiliúint

Ag luí leis an Ráiteas Straitéise tá oiliúint curtha ar fáil don fhoireann ar bhonn leanúnach agus í dírithe ar spriocanna áirithe. Cuimsíonn sí sin oiliúint teicniúil in ábhair atá gaolmhar le pinsin chomh maith le teagasc leanúnach i ngnéithe éagsúla de fhaisnéis teicneolaíochta agus cúrsaí oiliúna eile a roghnaíodh i gcomhairle leis an bhfoireann. Anuas air sin, freastalaíonn na himscrúdaitheoirí go rialta ar chruinnithe de Chumann Éireannach um Chistí Pinsean agus a Fóram Iontabhaithe agus ar chruinnithe eile cuí a bhíonn urraithe ag an tionscal. Ghlac siad páirt freisin i gcúrsaí oiliúna foirmeálta iontaobhaithe.

Amach go maith sa bhliain 2004, dearadh comh-chlár oiliúna i bpáirt leis an mBord Pinsean, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus na Coimisinéirí Ioncaim. Tá mar aidhm ag an gcúrsa seo oiliúint i scéimeanna ceirde a chur ar fáil do fhoireann na-neagras go léir.

Cheana féin cuireadh tús leis an oiliúint sin agus beidh an cúrsa ar fad críochnaithe faoi Shamhain 2005.

## Cuid 4

# Coimriú ar Riar Cásanna agus Staitisticí 2004

Sí seo an chéad bhliain iomlán don Oifig agus ní féidir na staitisticí bliantúla a chur i gcomparáid dáiríre le 2003. Is féidir roinnt comparáidí a dhéanamh, áfach, agus déanfar cur síos orthu siúd thíos. San iomlán, tugadh 112 comhad ar aghaidh ó 2003 agus fuarthas 297 gearán nua i rith 2004. Cuireadh clabhsúr ar 122 comhad díobh san i rith na bliana, agus fágadh 287 ar láimh ag deireadh na bliana. As an 122 comhad ar cuireadh clabhsúr orthu agus tar éis dianscrúdú a dhéanamh ar na gearáin fuarthas amach go raibh 59 díobh (48%) lasmuigh de mo théarmaí tagartha. Bhí cúiseanna éagsúla leis seo. Fuarthas amach go raibh 13 acu “lasmuigh den am” agus go raibh 19 acu bunaithe ar ábhair a bhain le Leasa Sóisialacha, agus gur thit 16 eile laistigh de théarmaí tagartha an Ombudsman nó an Rialóra.

Rinneadh Foirceannadh Deiridh faoi S. 139 Acht na bPinsean ar 23 díobh nó 19% de na cásanna i rith 2004. Glacadh le 7 gcinn acusan agus níor glacadh leis an gcuid eile acu. Ní hionann sin agus a rá nár tugadh chun críche ach 23 cás. Baineann cuid mhór d’obair na hoifige le idirghabháil a dhéanamh i dtaobh na ngearán. Réitíodh 33 cás i rith 2004 trí phróiseas seo na hidirghabhála nó eadráine agus bhí mar thoradh ar 22 (67%) gur tugadh íocaíocht nó saghas eile cúitimh i dtaca leis an ngearán.

I rith 2004, b’iad na fir a thug 78% de na gearáin agus thug mná 22%.

Tá an staitistic seo spéisiúil mar tuairiscíonn an Suirbhé ar an Lucht Oibre i 1997 go bhfuil 39% de mhná fostaithe agus tuairiscíonn an Bord Pinsean go bhfuil pinsean pearsanta nó ceirde ag 44% de mhná i gcomparáid le 55% de na fir. Seans go mbeadh duine ag tnúth le briseadh síos na ngearán a bheith ní ba chothroime de réir inscne ach ní go dtí le déanaí a tháinig cuid mhaith de mhná isteach san scéimeanna pinsean agus is fir iad formhór na ndaoine atá ag bailiú

pinsean cheana féin. Faightear breis agus 50% de na gearáin ar fad ó phinsinéirí.

Ba scéimeanna príobháideacha pinsean ba chúis le 59% gearán a fuarthas i gcomparáid le 53% i 2003; tháinig 41% ón tseirbhís phoiblí i gcomparáid le 46% i 2003; agus ní raibh aon ghearán faoi PRSAanna. Ní tomhas maith é líon na ngearán ón earnáil phoiblí, áfach, mar d’fhéadfadh gearán amháin a bheith déanta agus líon mór eile gearán a bheith bainteach leis an gcinneadh nó míniú ar riail scéime agus gan na gearáin a bheith curtha i láthair go fóill.


### Foirceannadh agus an Réamhamharc

Cuid mhór de na gearáin a thagann chuig an Oifig seo, ní bhíonn foirceannadh foirmeálta mar thoradh orthu. Is féidir suim mhór díobh a thabhairt chun réitigh a fháil idir na páirtithe, bíodh san le linn Réiteach Inmheánach na gConspóidí, nó le linn an imscrúdaithe nuair is feidir le hidirghabháil ón Oifig seo fráma socruithe a chur ar fáil.

Is ábhar áthais ar leith dom líon na gcásanna a réitíodh de thoradh idirghabhála ón oifig seo, gan bacaint le foirceannadh foirmeálta. Is fearr ar fad, más féidir, cás a réiteach agus na páirtithe cuí a bheith sásta leis seachas mise bheith ag tabhairt ceist fhoirceannaidh air.

Nuair a bhíonn imscrúdú iomlán déanta de ghnáth cuirim réamhamharc ar fáil sula ndéanaim foirceannadh deiridh ar an ngearán. Cuireann sé seo fíoraisí ábhartha an chás atá tagtha chun solais ar fáil, agus tugann sé comhartha den fhoirceannadh deiridh. Tugtar cúpla seachtain do na gearánaithe agus do na freagróirí freagrairt don réamhamharc. Uaireanta, bíonn aighneachtaí nua nó fiú fianaise nua mar thoradh air seo agus cuirim é sin san áireamh nuair a dhéanaim an foirceannadh deiridh. Cé go gcuireann sé seo le tréimhse ama an imscrúdaithe ina iomláine, tá an próiseas úsáideach do gach duine lena mbaineann agus cabhraíonn sé le toradh cothrom ar na gearáin.

FIGIÚR 4.1 – CLABHSÚR NA gCOMHAD DE RÉIR FÁTHA I RITH 2004




**Nótaí:** IDR – Réiteach Inmheánach Conspóide

OTOR – Lasmuigh de na Téarmaí Tagartha


Tugann “Idirghabháil nár éirigh léi” le fios nár réitíodh an bhuncheist i gcaoi abhí sásúil don ghearánaí mar thoradh ar an bpróiseas idirghabhála.

Ciallaíonn “Idirghabháil ar éirigh léi” go raibh an gearánaí sásta le fuascailt na buncheiste.

FIGIÚR 4.2 – GEARÁIN DE RÉIR AN tSAGHAIS SCÉIME 2004



FIGIÚR 4.3 – COIMRIÚ AR SHRUTH OIBRE 2004



# Cuid 5

## Ceachtanna atá Foghlamtha

Nuair a chuirtear tús le fiontar nua mar seo tá sé dodhéanta a thuar cén t-ualach oibre a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Thug fianaise ó bhéal, bunaithe ar thaithí an Bhoird Phleanála, le fios go raibh seans maith ann go mbeadh éileamh láidir ar sheirbhís Fhear an Phobail um Pinsin, ach bhí sé deacair teacht roimh nádúr agus méid na ngearán. Níorbh fhéidir, ach oiread, líon na bhfadhbanna praiticiúla a tháinig chun cinn a thuar nuair a tháinig sé chomh fada le himscrúdú a dhéanamh ar na gearáin. Tá na tuairimí thíos á léiriú ar bhonn an taithí a fuairamar i rith na chéad bhliana oibre. Baineann cuid den méid atá le rá agam le ceisteanna struchtúracha a d'éirigh as riachtanais na reachtaíochta atá i bhfeidhm. Déanfaidh mé tagairt chomh maith do roinnt ceisteanna tábhachtacha a tháinig chun cinn go díreach ó líon agus ó na saghasanna gearán a fuarthas agus na réimsí as a dtáinig siad.

### Ábhair Struchtúracha mar Chúram

#### RÉITEACH INMHEÁNACH NA gCONSPÓIDÍ (IDR)

Léirigh an chéad fhadhb í féin go follasach trí riachtanais san Acht Pinsean maidir leis an mbealach a gcuirtear gearán trí phróiseas an IDR sular féidir liomsa imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán. Tugann na Rialacháin díolúine do ghearáin áirithe ón riachtanas seo. Gearáin a raibh imscrúdú déanta cheana féin ag an mBord Pinsean sular bunaíodh m'Oifigse, tugadh díolúine dóibh ar an mbonn gur braitheadh nach raibh aon ghá na gearáin a chur trí phróiseas a bheadh ní b'oiriúnaí ag tús imscrúdaithe. Ar an dara dul síos, tugadh díolúine do ghearáin i scéimeanna a bhí i riocht ghlinneála suas cheana féin nó i scéimeanna a bhí reoite gan fostóir ag glacadh páirte agus ag trádáil fós, mar measadh go raibh sé míchuí go mbeadh sochair scéimeanna dá leithéid á gcaitheamh ar phróiseas IDR seachas bheith á roinnt ar na tairbhíthe.

Rinneadh an próiseas IDR mírúrach d'aon ghnó, agus tugadh cead do na hiontaobhaithe modh déileála chun déileáil le gearáin a bhí oiriúnach do mhéid agus do

chúinsí a scéimeanna. Chiollaigh sé sin go bhféadfai socruithe reatha a chionneáil in ionad agus an próiseas achomhairc ar Aire i scéimeanna sa tseirbhís phoiblí a choinneáil in eagar, ach go háirithe.

Ní raibh aon soláthar ar leith déanta chun déileáil le toirmeasc réamhbheartaithe trí mhoilliú nó trí theip an IDR a chomhlánú. D'fhéadfadh an Bord Pinsean faoi mhír 3, Acht na bPinsean, imeachtaí dlíthiúla a mheas ach b'fhéidir nárbh é seo an réiteach ab fhearr don ghearánaí atá ag lorg éisteacht neamhchlaonta agus tráthúil dá ghearán. Ba léir freisin nach raibh ar a gcumas ag réimsí áirithe den earnáil phoiblí bealaí oibre an IDR a fheidhmiú san fhráma oibre a bhí ceadaithe ag na Rialacháin – mar shampla, trí mhí ón dáta a raibh an fhaisnéis ba ghá leis an ngearán a mheas. Cruthaíonn sé seo an-chuid frustrachais i gcásanna ina bhfuil baint ag an ngearán tosaigh le moill sna híocaíochtaí a dhéanamh, nó maidir le faisnéis a thabhairt sa chéad áit! Mar gheall air seo, siad na ciontóirí is mó go dáta ná earnálacha áirithe sna seirbhísí Sláinte agus Oideachais, bíodh is gur tháinig mé ar chásanna cosúil leo san earnáil phríobháideach. Tá tugtha faoi deara agam i réimsí áirithe den tseirbhís phoiblí chomh maith go bhfuil drogall ann teacht ar chinneithe gan dul i gcomhairle ar dtús leis an Roinn Airgeadais. B'fhéidir go bhfuil an scéal amhlaidh toisc nach bhfuil an saineolas ar fáil go logánta. Cibé cúis atá leis, ní dócha go mbíonn seans níos fearr ann an dáta reachtúil a shroichint má chuirtear gach aon fhadhb chuig aon Roinn amháin.

Dá bhrí sin, tá iarrtha agam ar an Aire, mar chuid den athbhreithniú atá romhainn, leasú a dhéanamh ar na Rialacháin, ionas go mbeidh cead agam dul ar aghaidh le himscrúdú gan foirceannadh foirmeálta i gcásanna nuair is léir nach mbeidh próiseas an IDR curtha i gcrích i dtreimhse réasúnta ama.

Tá réimse eile ann ina bhfuil moill gan gá á cur ag an IDR ar na scéimeanna ina bhfuil ilfhostóirí i gceist,



ina mbíonn gearáin faoi mhíriaradh i gceist, go minic i gcoinne fostóir rannpháirtigh seachas i gcoinne na scéime féin. Faoi láthair táim ag déanamh mo mhachnaimh ar na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun an fhadhb seo a scaoileadh.

Tá sé deacair a rá cé mhéid fadhbanna a réitítear trí phróiseas an IDR. Ní heol cé mhéid gearán a théann tríd an phróiseas seo agus nach sroicheadh m'óifig. Tig linn na cásanna a chuirtear ar ár suile a leanúint agus a gcuirtear ar ais chuig an IDR, ach i gcásanna eile níl tuairim againn an iomaí cás a réitítear ag an bpointe sin de na himeachtaí. Ní raibh aon teagmháil eile lem Oifig, ámh, le líon suaitheansach de na gearánaithe a cuireadh ar ais chuig an IDR. An t-eolas a b'acmhainn dúinn a bhailiú, tugann sé le tuiscint dúinn gur riachtanas fiúntach é an IDR.

D'iarrfainn ar iontaobhaithe, áfach, cúram ar leith a dhéanamh den chur chuige agus den fhoclaíocht a úsáideann siad leis an bhFoirceannadh Deiridh a struchtúru ag deireadh an phróisis. Is eol dom cás amháin nó dhó ina raibh a mhalairt d'éifeacht ag an teanga a úsáideadh ná an ceann a bhí in aigne – níor thug sé seo cinnteacht don ghearánaí, rinne sé an scéal i bhfad ní ba mheasa ná mar a bhí.

### DLÍNSE

Mar a luadh cheana, cuirtear cuid mhaith gearán ar mo shúile dom agus titeann siad lasmuigh de mo théarmaí tagartha, agus cuirtear iad chuig pé Fear an Phobail, Rialóir, eagrais proifisiúnta nó eagrais Stáit lena mbaineann.

I rith na bliana, aimsíodh aon réimhse amháin a bhí lasmuigh de mo dhlínse, ach bhí an chuma air nach raibh sé laistigh de dhlínse aon duine eile ach oiread. Seo an Teacht Isteach Scoir a bhunaíonn grúpaí faoi iontaobhas thar ceann móramh na ndaoine féin-fhostaithe ag obair i gceird nó gairm ar leith. Is conarthaí

árachais iad Conarthaí Teacht Isteach Scoir an Duine Aonair (tugtar Pinsin Phearsanta orthu chomh maith) agus dá bhrí sin baineann siad le dlínse Fhear an Phobail um Árachas in Éirinn. Ní úsáideann formhór na scéimeanna iontaobhais árachas mar mheán infheistíochta, áfach, agus gan a mbunreacht atá bunaithe ar iontaobhas a bhac, ní scéimeanna pinsean ceirde iad sa bhrí atá in Acht na bPinsean.

Cé is go mbeadh sé éasca gearáin i dtaobh na scéimeanna sin a thabhairt faoi mo dhlínse, tagann ceisteanna níos leithne chun cinn leis na socrúithe seo – mar shampla, cé chomh fada go mba cheart go dtabharfaí cearta ar eolas agus ábhair eile cosúil leosan a bhronann Acht na bPinsean ar bhaill na scéimeanna pinsean ceirde. Tuigim go bhfuil an t-ábhar seo faoi athbhreithniú ag an Aire.

### TEORAINNEACHA AMA

Is ábhar áirithe cumha dom an teorainn atá leagtha síos ag Acht na bPinsean ar an gcumas atá agam “féachaint siar” ar ghníomhartha líomhaine de dheasca mhíriartha a tharla sular ceapadh mé. Go hachomair, an dáta is túisce is féidir liom féachaint siar ná sé bliana sular ritheadh Acht na bPinsean (Leasú), sé sin 13 Aibreán, 2002. Nuair a bhí an tAcht faoi athbhreithniú san Oireachtas, dúirt na Baill go mba mhaith leo cur chun cinn na ngearán a éascú do daoine aonair agus do ghrúpaí a bhí ar eolas acu. Ag an am sin, mheas an tAire go raibh rogha áirithe agam maidir leis na teorainneacha ama. Bunaithe ar chomhairle dlí a fuarthas tá líne tarraingte agam go cruinn i dtaca le sean-ghearáin. Ní socrú sásúil é seo chomh fada is a bhaineann sé leis na gearánaithe bíodh is go mbeadh bac-ama ar an gcuid is mó de na gearáin seo dá mbeadh siad ag iarraidh gníomíú tríd na cúirteanna. Toisc gur féidir achomharc a dhéanamh ar mo fhoirceannadh go dtí an Phríomh Chúirt, tá loigic leis an teorannú seo.

Ag an am céanna, ba mhaith liom mo mheas a nótaíl ar an gcomhoibriú a fuairas ó go leor comhlachtaí atá bainteach le tionscal na bpinsean agus iad ag déileáil leis an gceist seo. Maidir le cuid de na sean-chásanna seo d'aontaigh siad na gearáin a scrúdú, agus a fhios acu nach bhféadfainn foirceannadh a dhéanamh agus gníomhú mar ba cheart i gcás ar bith a raibh bunús leis an ngearán.

## Ábhair ag Éirí as Gearáin

### EADRÁIN AGUS IDIRGHABHÁIL

Mar is léir o na staitisticí sa tuarascáil seo, ní bhíonn foirceannadh uaimse mar thoradh ar chuid mhaith gearán. Réitítear cuid acu trí eadráin nó idirghabháil idir an Oifig seo agus na páirtithe lena mbaineann. Bhí mar thoradh ar chuid de na headránacha seo gur tugadh cúiteamh iomlán ar an gcaillteanas airgeadais a tharla; agus i roinnt cásanna rinneadh cúiteamh breise a thairiscint do na trioblóid a cruthaíodh dóibh – níl an chumhacht agam ordú a thabhairt do na freagróirí feidhmiú mar sin.

### ÁRACHAS PROFISIÚNTA URRÚIS

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibhsíúd sa tionscal a raibh cur chuige le haigne oscailte acu agus a bhí toilteanach tabhairt faoin obair leis an tuiscint go mb'fhéidir go raibh earráid déanta. Tá ceist amháin, áfach, a tháinig chun cinn agus is ábhar buartha dom é. Baineann sé seo le nádúr agus riaradh chlúdach gníomhairí áirithe den Árachais Phroifisiúnta Urrúis. Léirítear é seo de ghnáth tríd an urrús a bhréagnú ar an toirt agus go cuimsitheach – fiú na fíricí cruthaithe – seachas bheith toilteanach déileáil leis an tuiscint go bhféadfadh earráid bheith i gceist. Mar sin tógann sé sin rudaí ar aghaidh chuig leibhéal an-dlíthiúil, cuireann sé le próiseas an imscrúdaithe (agus cúiteamh a fháil don ghearánaí) agus uaireanta bíonn de thoradh air go mbítear ag tabhairt aghaidhe ar dhaoine san Oifig seo. Sna cásanna sin, tá an chuma air nach dtuigtear an obair

atá le déanamh ag Fear an Phobail – cúiteamh airgeadais a fháil nuair a bhíonn míriaradh i gceist, agus breith a thabhairt i gcoinne an ruda a bhí i mbun ghníomhú go míriartha – ní i gcoinne na ndaoine ar a mbíonn freagracht dlíthiúil orthu go teicniúil. (sa chuid is mó de na cásanna siad na hlontaobhaithe a bhíonn i gceist).

Toisc gur féidir achomharc a dhéanamh ar mo foirceannadh go dtí an Phríomh Chúirt, d'fhéadfadh claonadh a bheith ann féachaint ar an bPríomh-Chúirt mar cheann scríbe ar m'imscrúduithe. Tuigtear, dá bhrí sin, go bhfuil mian na ndaoine leis an mbealach ceart dlíthiúil a ghlacadh so-thuigthe go pointe áirithe. Ach nuair a dhéanann na suimeanna a bhíonn faoi chaibidil agus / nó cúinsí an ghearánaíthe triall ar an gCúirt dodhéanta go praiticiúil, is deacair an cur chuige a chosaint. Sna cásanna seo b'fhearr liom go mbeadh na daoine baineach leis sásta cur chuige ní ba sholúbtha agus comhoibríthí a ghabháil.

### SÉANAÍ

Ba mhaith liom focal a rá faoi séanaí. Cuid mhaith de na gearáin a fhaighim, is cuid de clár níos leithne iad, b'fhéidir go mbíonn siad bainteach le gearánaí a chur as a fhostaíocht. Má bhíonn teip nó botún i riaradh sochar pinsin, d'fhéadfadh sé bheith deacair é sin a scarúint ó na cúinsí inar cuireadh deireadh leis an tseirbhís. I gcuid mhaith cásanna den tsórt sin, tig leis na fostaithe na séanaí a shíniú ag an am a fhágann siad an tseirbhís nó i rith socruithe a dhéantar ní ba dhéanaí. Baineann séanaí mar sin an dliteanas den fhostóir agus ligeann an fostaí uaidh gach éileamh a d'fhéadfadh bheith aige i gcoinne an fhostóra.

Úsáideadh séanadh den sórt seo trí iarracht thromchúiseach a dhéanamh ar cosc a chur le gearán a imscrúdú. Rinneadh cúpla lag-iarracht eile chomh maith. Níl aon éifeacht ag séanadh a thugann le fios nach bhfuil aon fhreagracht ar an bhfostóir thar ceann iontaobhaithe scéime pinsin, nó fiú fostóirí chomh fada agus atá

dualgais reachtúla nó iontaofachta curtha i bhfeidhm ag Acht na bPinsean nó ag reachtaíocht eile, nó ag dlí iontaobhais i gcoitinne. Ní cheadaítear do fhostaithe droim láimhe a thabhairt do shochair a bhíonn caomhnaithe ag an dlí. Tá sé deacair na rudaí a mbíonn duine i dteideal orthu faoi iontaobhas a chur i leataobh, agus ní bheadh éifeacht ag an gcuid is mó de shéanaí ata feicthe agamsa sa réimse seo. Dar liom is cur amú ama é domsa agus do na freagróirí cloí le héilimh ar dhíolúine ó imscrúdú bunaithe ar dhoiciméidí mar sin.

### COTHROMAS PINSEAN NA SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

Tá an-chuid gearán tagtha chun cinn i dtaobh cothromas pinsin nó íocaíochta sa tseirbhís phoiblí. Tá prionsabal cothromais íocaíochta sean-bhunaithe i bpolasaí pinsean na seirbhíse poiblí. Ciallaíonn polasaí cothromas íocaíochta go méadaítear na pinsin i dtiúin le harduithe cúí pá atá oiriúnach don fhoireann sa tseirbhís, agus cuirtear na harduithe sin i bhfeidhm ar an dáta céanna leis an ardú pá. Cuirtear na harduithe ginearálta pá i bhfeidhm mar ghnáth-nós (sé sin, arduithe faoi chomhaontú náisiúnta pá).

Cuirtear na harduithe speisialta pá i bhfeidhm de ghnáth ar na pinsin ag brath ar na coinníollacha seo a leanas:

- ní mór na harduithe a chur i bhfeidhm i leith na foirne ar fad sa ghrád nó sna phoist lena mbaineann
- comhshamlú na foirne sa tseirbhís leis na scálaí aithbhreithnithe pá ar bhonn “pointí comhfhreagracha” (sé sin, ní ar “phá tosaithe ar ardú céime” nó ar théarmaí “athghrádaithe”)
- ní ceart an t-ardú a thabhairt ar dhroim athstruchtúrú substaintiúil nó athruithe i ndualgaisí mar is ionann sin agus athghrádú na bpostanna nó na ngrádanna lena mbaineann

- ní ceart an t-ardú a thabhairt de thoradh táirgiúlacht méadaithe ón fhoireann sa tseirbhís
- is gá go mbeadh an t-ardú mar bhuanchuid den scála pá.

Dá bhrí sin, tá rialacha áirithe a bhaineann leis na harduithe seo. De bhreis air sin tá modhanna leagtha síos chun déileáil le suíomhanna ar leith, mar shampla, nuair a chuirtear deireadh le postanna, nó iad bheith athghrádaithe, srl. Tá prionsabail áirithe infheidhme go huilíoch beagnach, áfach – mar shampla, ní thugtar na harduithe pá do dhuine de thoradh comhaontú táirgíthe tar eis dó dul ar scor.

Baineann cuid de na gearáin a fuair le conspóidí i dtaobh na ceiste seo, an féidir breathnú ar arduithe pá a tugtar don fhoireann a áireamh mar arduithe ginearálta pá a bhaineann le pinsinéirí nó le méadú ar tháirgiúlacht agus cérbh iad na cinn nach mbainfeadh. Tá gearáin ar aon dul leis seo tagtha chun cinn i dtaobh postanna a athghrádú. Lasmuigh de cúpla cás níor thuig na gearánaithe i gcoitinne go dteann arduithe táirgiúlachta lasmuigh de rialacha cothromais. I gcásanna eile, bhí eilimintí de phá iomlán – go hiondúil liúntais de chineálacha éagsúla – inphínseanta tar éis don ghearánai dul ar scor, ach gan éifeacht aighníomhach. Sa chás seo, nuair a dhéanann pinsinéirí comparáid idir a bpinsin le “pá” reatha don phost, braitheann siad nár déileáladh go cothrom leo nó gur tugadh íslíu céime dóibh bíodh is go bhfuil an dlí á chur i bhfeidhm go cruinn mar ba chóir.

Cuid mhaith de na conspóidí seo, tagann siad chun solais de bharr an tuiscint a bhíonn ag pinsinéirí ar “phá”. Tá curtha leis an míthuiscint seo tar éis don Chlár Um Iomaíochas agus Obair a theacht ar an bhfód. Faoin Chlár seo bhí na comhaontais tháirgiúlachta níos coitianta i shocruithe pá san earnáil phoiblí ná mar a bhí roimhe seo. I gcoitinne, ní chuirtear na harduithe pá a íoctar ar bhonn na n-arduithe táirgiúlachta san áireamh sna

harduithe pinsean agus bíonn deacracht ag pinsinéirí é seo a thuiscint. Sé mo thuairim go bhfuil na pinsinéirí ag brath an iomarca ar a gcumas leis na rialacha a mhíniú agus nach bhfuil go leor iarrachta á gcur isteach lena chinntiú go dtuigeann fostaithe ag dul ar scor dóibh cad leis gur féidir leo bheith ag súil. Níl sé réasúnta bheith ag súil gur féidir le pinsinéirí tuiscint a bheith acu, gan treoir a fháil, ar cad is féidir a áireamh mar “phá” i gcás amháin agus nach pá é i gcomhthéacs eile.

Is gá iarracht i bhfad níos mó a dhéanamh ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag daoine ag dul ar scor ar na rudaí is ceart súil a bheith acu leo. D’fhéadfadh na rialacháin bheith lán-soiléir dóibhsíúd atá cleachtaithe ar dhéileáil le rialacha scéimeanna pinsean agus bheith dothuigthe amach is amach do dhaoine nach bhfuil taithí ar phinsin acu. Chaith an Coimisiún um Pinsin sa tSeirbhís Phoiblí spotsholas ar an “mbearna eolais” agus luaigh siad sa tuarascáil dheiridh nach bhfuil an oiread céanna infheistíochta i dtéarmaí riaradh agus tacaíocht teicniúil ar fáil sa tseirbhís phoiblí i gcomparáid le cuid mhaith de na scéimeanna mórmhaoinithe príobháideacha. Rinne an Coimisiún nótaíl ar riaradh chóras na scéimeanna pinsean poiblí ag rá go bhfuil siad dírithe den chuid is mó ar na pinsin a áireamh agus a íoc, seachas ar bhainistiú faisnéise nó buntáistí sochair agus roghanna scéime a chur in iúl. Mhol an Coimisiún, agus tacaím leis, polasaí gníomhach cumarsáide i dtaobh na scéime pinsean a fheidhmiú le caipéisí so-thuigthe agus soláimhsithe a chur ar fáil, ráitis ar shochair bhliantúla agus eolas agus litríocht ghinearálta scéime freisin.

### Arduithe Roghnacha faoi Scéimeanna Pinsean

Baineann roinnt áirithe gearán le harduithe pinsean lasmuigh den réimse ina bhfuil cothromas pinsin mar ghnáth-chleachtas agus níor tugadh na harduithe pinsin “gnácha”, ar chúis amháin nó ar chúis eile. I gcásanna áirithe, tá na harduithe iar-scoir roghnach agus bhí

deacrachtaí ag pinsinéirí a thuiscint cén fáth nach dtugtar na harduithe sin anois mar ghnáthnós.

I gcuid is mó de na cásanna tá an freagra le fáil san éigeandáil mhaoinithe ina bhfuil cuid mhaith de na scéimeanna le sochair shainmhínithe faoi láthair – siad na hiarmhairtí a ghabhann le seo go gcaithfear aon ardú pinsin a luach iomlán caipitil a bheith clúdaithe le hinstealladh airgeadais má tá gá le leibhéal ginearálta socmhainneachta a dhaingniú do bhaill eile.

Tháinig fadhbanna áirithe chun cinn i gcásanna inar thug an fostóir buntáistí an airgid tháirgiúlachta a sábháil don fhoireann ar scor ar bhonn traidisiúnta. Íocadh arduithe iar-scoir as ioncam reatha an fhóóra thar go leor blianta agus níor taispeánadh iad seo mar mhír chaipitil sa chuntas cothromaíochta. Roinnt blianta ó shin aistríodh na dliteanais do na harduithe iar-scoir ar fad go dtí ciste na bpinsean agus ní féidir arduithe nua bunaithe ar tháirgiúlacht a íoc gan dul isteach i ndócmhainneacht. Níl aon fhreagra simplí ar fáil leis na fadhbanna seo a réiteach. Mholfaínn arís, afach, go mba cheart cumarsáid ní b’fhearr a bheith ar fáil do na baill chun go dtuigfidh siad a bhfuil ag titim amach, ar a laghad.

### CÉIMEANNA CUMARSÁIDE I gCOITINNE

Níl droch-chumarsáid teoranta do scéimeanna pinsean na Seirbhíse Poiblí. Tá droch-chumarsáid mar bhunús ag an-chuid gearán san earnáil phríobháideach chomh maith. Bíodh is go leagann na Rialacháin Nochtaithe faoi Acht na bPinsean amach an fhaisnéis is gá a thabhairt do bhaill scéime agus tairbhíthe eile i gcúinsí éagsúla, is riléir go bhfuil droch-cháilíocht agus easpa soiléireachta agus cruinn-eolais i gcuid mhaith den chumarsáid. Ní mór d’iontaobhaithe, Riarthóirí, agus fostóirí a thuscint nach bhfuil sa méid a éillíonn na Rialacháin ach an rud is lú is gá agus nach gcintíonn géilleadh do na rialacháin seo cumarsáid éifeachtach. Ba cheart úsáid ní ba mhó de ghnáth-Bhéarla a mholadh agus tá samplaí de seo

feicthe agam agus tá sin le moladh. Rómhínic is léir go mbaineann ráitis ar bhuntáistí agus ceisteanna cumarsáide eile a thagann ó iontabhaithe agus riarthóirí le cur chuige na “sean scoile” maidir le cumarsáid i dtaobh pinsean. D’fhéadfadh infheistíocht bhreise i gcumarsáid éifeachtach líon na ngearán a mbíonn iontabhaithe agus riarthóirí ag déileáil leo a íslíú, agus chothódh sé sin muinín na mball agus na dtomhaltóirí i dtáirgí pinsean.

#### MOILL

Bhí moill mar bhonn ag roinnt gearán. Bhain cuid acu le cailleanas tríd an mbealach inar tharla na híocaíochtaí de thoradh moille. Sé a bhí i gceist le cuid eile ná moill i riaradh na mbuntáistí agus le linn an ama sin fágadh cistí na mball gan infheistiú i sochair a raibh a luach ag titim go laethúil. Rud fíor-thábhachtach maidir leis an sórt seo gearán go minic ba ea cinneadh a ghlacadh mar gheall ar an áit ina raibh dualgas cúraim na n-iontabhaithe. Bhraith an cinneadh air seo go minic ar méid na chumhachta a d’fheidhmigh an ball ar ábhair infheistíochta – go róspeisialta ar cháilíocht agus thráthúlacht na faisnéise a cuireadh ar fáil dó nó di.

Aon réimse amháin ba bhonn le cuid mhaith gearán ‘sea a chur ar shúile na mball an costas chun “blianta breise” a cheannach nó ar sheirbhís nach raibh inphinseanta cheana i réimsí áirithe sa tseirbhís phoiblí a cheannach ar ais.

Tá cásanna moille sa réimse seo chomh fada le tréimhse blianta. D’fhéadfadh pionós airgeadais bheith mar thoradh ag an moilliú seo do bhail na scéime, mar shampla, bíonn orthu breis airgid a íoc i dtréimhse ama níos lú, agus cailleanas i bhfaoiseamh cánach freisin. Níl aon leithscéal ag moilliú den sórt seo. Ar an droch-uair, tá an moilliú seo coitianta sna réimsí den earnáil phoiblí a bhfuil an chuma air go mbíonn fadhb acu leis an IDR a chomhlíonadh in am, mar atá luaite thuas.

#### CÚITEAMH AR CHAILLEANAS AIRGEADAIS

Tá teorainn le dámhachtain de chúiteamh airgeadais le haghaidh cailleanais faoi Mhír 139 Acht na bPinsean do shuím an chailleanais a bhí i gceist. Sé mo chleachtas cur leis an suim a íoctar mar chúiteamh don titim i luach an airgid idir an dáta a raibh an íocaíocht le déanamh nó le bheith déanta agus an dáta a íocadh an chúiteamh. Go hiondúil déanaim é seo a áireamh ar Threoirimhir Praghsanna do Thomhaltóirí.

Mar a sheasann an dlí, ní féidir aon chúiteamh a íoc le haghaidh caiteachais ar nós táillí proifisiúnta do chomhairle a d’fhéadfadh bheith mar chostas ag na gearánaithe ar thóir a gcearta sular thug siad a ngearán domsa – is cuma cé chomh riachtanach is a bhí sé na costais sin a tharraingt orthu féin. Cepaim go mba chóir an sásamh faoi Acht na bPinsean a leathnú chun gur féidir an caiteachas a thagann chun cinn *go réasúnta* a cheadú – mar shampla, má bhíonn tuatach ag déileáil le dearcadh a mbíonn namhadas nó neamhghéillíúlacht ar leith á léiriú ag na daoine a bhfuil an gearán á ndéanamh ina leith den chéad uair.

#### MÍRIARADH GAN CHAILLEANAS AIRGEADAIS

Is eol dom roinnt cásanna a raibh míriaradh soiléir ar siúl ag riarthóirí na scéime, ach nach raibh cailleanas díreach i gceist don bhall. I gcuid de na cásanna seo, chuir sé isteach go mór ar na baill gan focal a rá faoi dhul trí phróiseas an IDR agus mar sin de. Murabh ionann agus mo mhacasamhail sa Bhreatain, níl ar mo chumas aon dámhachtain a bhronnadh don míchaothúlacht seo. Arís is gá machnamh a dhéanamh ar an gceist sa toadhcháí.

Bhí cás amháin a raibh tairbhe glan don ghearánaí de thoradh míriartha. Theip ar chomhlacht árachais cuid nach beag de na táillí árachais a bhí le híoc faoi ordú a bhailiú. Tharla seo nuair a bhí na margáí ag titim agus fuairamar amach go mbeadh an ciste ní ba lú ná mar a bhí sé dá ndéanfaí an t-airgead a bhailiú i gceart agus

a infheistiú! Sa chás seo thairgan comhlacht árachais íocaíocht bheag ex-gratia a thabhairt don bhean agus bhí sí sásta glacadh léi.

### SCÉIM PHINSEAN OIBRITHE CHÓNAIDHM NA FOIRGNÍOCHTA

Is fiú cúpla focal a rá faoi scéim amháin a bhfuil uimhir mhór ghearán ag teacht uaithe. Go déanach i 2004, fuairamar uimhir mhéadaithe de ghearáin i dtaobh Scéim Phinsean Oibríthe Chónaidhm na Foirgníochta. Bunaíodh Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta le riachtanais Dlí an Chomhaontú Fhostaíocht Chláraithe a shásamh. Déanann an Comhaontú seo soláthar le go mbeidh ar gach fostóir lena mbaineann an comhaontú ina pháirtí i scéim rannpháirteach faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim le buntáistí pinsean agus buntáistí mortlaíochta do na hoibríthe foirgníochta a chur ar fáil. Tá an Scéim Phinsin seo faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim mar scéim pinsin *bona fide* le haghaidh an Acht Um Cháin Chomhaontaithe 1997 agus aithnítear í mar scéim buntáistí sainmhínithe le haghaidh Acht na bPinsean 1990.

Ba cheart dom a dhéanamh soiléir nach aon bhaint ag gearáin faoin scéim go dtí seo le feidhmiú na scéime féin ach le gníomhartha – nó le teipeanna – fhostóirí áirithe i dtaobh na scéime. Tá líomhaintí i gceist sna gearáin i dtaobh teipeanna na ranníocaíochtaí a bhaint agus a íoc don scéim; teip i dtaobh fhostaithe intofa a chlárú; teip mar gheall ar ranníocaíochtaí a baineadh as pá na bhfostaithe cheana a íoc (coir a bhfuil smachtbhannaí coiriúla ag baint léi faoin Acht na bPinsean) cleachtas mí-eiticiúla ina gcuirtear brú ar fhostaithe cur i gcéill go bhfuil siad féin-fhostaithe – ag seachaint, ní amháin ranníocaíochtaí Scéim Phinsean Oibríthe Chónaidhm na Foirgníochta, ach oibleagáidí PRSI freisin.

Glacadh le dhá fhoirceannadh i rith 2004 mar gheall ar fhostaithe a bhí marbh agus nach raibh clúdaithe ag an scéim agus ba cheart go mbeidís. Sa dá chás fuarthas an fostóir freagrach don bhuntaiste mortlaíochta. An uair

go bhfuair na daoine seo bás, bhí €20,000 i gceist. Tá €63,500 i gceist anois. Téann díom a thuiscint cad 'na thaobh go mbíonn fostóirí toilteanach dul sa tseans suim mar seo a íoc de dheasca neamart a dhéanamh ar bhall a chlárú sa scéim.

Tá líon na ngearán ag dul i méid agus sinn ag dul isteach i 2005 agus níl aon amhras orm ach go mbeidh go leor leor eile ag teacht chun barra sa todhchaí. Tá fianaise ann go bhfuil neamhghéilleadh córasach ar siúl ag fostóirí áirithe sa tionscal. Nuair nach ndéantar ballraíocht a thairiscint, is annamh a dhéantar aon sholáthar eile pinsean, agus tá sé soiléir, i bhformhór na gcásanna, nach dtugtar aird ar na hoibleagáidí PRSA ach oiread. Tá fúm, i gcásanna gur dóigh liom gur briseadh an dlí, an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig pé údarás lena mbaineann i gcúinsí an cháis chun go bhféachfar ar cheart dul ar aghaidh le cúisiú.

## Cuid 6

# Conclúid

Tá súil agam go mbeidh clár na tuarascála seo eolasach do na léitheoirí. I gcás, dar liom, go bhfuil ceisteanna i dtaobh polasaí ag teacht chun cinn nó feabhas a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar an gcóras, cuirfidh mé na nithe sin ar a shúile don Aire cuí. Beidh mé ag déanamh tagairt do roinnt ceisteanna a tugadh chuig m'Óifig i réimse pinsean na seirbhíse poiblí. Léiríonn siad san dolúbthacht i ndearadh scéime agus i gcumarsáid, agus bíonn de thoradh air sin nach bhfuil an córas sofhreagrach go leor do riachtanais líon lucht oibre solúbtha ár linne sa tseirbhís poiblí.

Ó thaobh sainmhínte de, cuirfear chun suntais i dTuarascáil Fhear an Phobail nithe a bhí mícheart agus aimseofar na réitigh is gá a chur i bhfeidhm leis na hearráidí a cheartú. Táim deimhnitheach de gur féidir ceachtanna a fhoghlaim agus gníomhú dá réir lena chinntiú go laghdófar na priacail a bhainfeadh le hearráidí den sort céanna sa todhchaí; is cuid mhór í sin d'fhiúntas Oifige mar seo. Ní hionann san agus a rá, áfach, go bhfuil gach rud mícheart i riaradh na scéimeanna pinsean. Is ábhar sólais dom go dtugann an taití go dáta le tuiscint gur tugadh i bhfad níos mó rudaí chun críche i gceart ná a mhalairt.

Ní mór dúinn, ámh, aghaidh a thabhairt ar an todhchaí le dúthracht, macántacht agus ionracas – agus oscailteacht chun na dearmaid a admháil. Tuigim go bhfuil na tréithe seo ag formhór na ndaoine atá ag obair i riaradh na scéimeanna pinsean agus i ndéanamh beartas. Is féidir linn, dá bhrí sin, bheith ag súil le córas riartha pinsean a mbeidh eagar, éifeachtacht agus trédhearcacht níos fearr ag baint leis sa todhchaí.

# Cuid 7

## Na Cuntais Airgeadais

Tugann an Stáitchiste maoiniú d'Oifig Fhear an Phobail um Pinsin tríd an Roinn Gnóthai Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Tugann an Oifig aitheantas don Roinn Gnóthai Sóisialacha agus Teaghlaigh as a cúnamh leanúnach lena n-oibleagáidí cuntas agus párolla.

Tá costais riaradh na hOifige leagtha amach i dTábla 7.1.

**TÁBLA 7.1 – COSTAIS RIARADH NA HOIFIGE I 2003 AGUS 2004**

	2003 <sup>1</sup> €	2004 €	Athrú
Costais Iomlán Riartha	341,582	500,892	+ 47%

Tá eolas breise ar chaiteachas i 2003 agus 2004 le fáil in Aguisín 8

Tá ráiteas airgeadais na hOifige curtha ar aghaidh le hiniúchadh go dtí an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, de réir alt 143 (2), Acht na bPinsean (Leasú) 2002.

<sup>1</sup> Ceapadh Fear an Phobail um Pinsin ar 28 Aibreán, 2004 agus, dá bhrí sin, clúdaíonn na costais an tréimhse 28 Aibreán, 2003 go Nollaig, 2003



# Aguisín 1

## Foireann Fhear an Phobail um Pinsin 2004

**Paul Kenny**  
Fear an Phobail um Pinsin

**Kevin Lonergan**  
Ceann na n-Imscrúdaithe

**Gerard Hughes**  
Imscrúdaitheoir

**Joan Bray**  
Imscrúdaitheoir

**Caitriona Collins**  
Imscrúdaitheoir

**Jean O'Toole**  
Bainisteoir Oifige

**Martina Brennan**  
Oifigeach Cléireachais

**Michelle O'Keeffe**  
Oifigeach Cléireachais

## Aguisín 2

# Na Gearáin a fuarthas ar bhonn Chontae 2003 & 2004

### 2003

Contae	Iomlán
Ceatharlach	2
Cabhán	1
An Clár	5
Corcaigh	17
Dún na nGall	1
Baile Átha Cliath	65
An Ghailimh	2
Ciarraí	0
Cill Dara	4
Cill Chainnigh	3
Laois	2
Liatroim	0
Luimneach	7
Longfort	1
Lú	5
Maigh Eó	5
An Mhí	2
Muineachán	0
Uíbh Fhailí	1
Ros Comáin	1
Sligeach	4
Tiobraid Árann	3
Port Láirge	4
Iarmhí	3
Loch Garman	4
Cill Mhantáin	3
An Astráil	1
An Ríocht Aontaithe	3
Seoladh Anaithnid	6
<b>Iomlán</b>	<b>155</b>

### 2004

Contae	Iomlán
Ceatharlach	5
Cabhán	0
An Clár	6
Corcaigh	38
Dún na nGall	7
Baile Átha Cliath	100
An Ghailimh	11
Ciarraí	5
Cill Dara	12
Cill Chainnigh	6
Laois	2
Liatroim	3
Luimneach	11
Longfort	0
Lú	3
Maigh Eó	8
An Mhí	13
Muineachán	2
Uíbh Fhailí	5
Ros Comáin	1
Sligeach	3
Tiobraid Árann	15
Port Láirge	8
Iarmhí	1
Loch Garman	7
Cill Mhantáin	14
An Nua-Shéalainn	1
An Spáinn	1
An Ríocht Aontaithe	5
Na Stáit Aontaithe	2
Seoladh Anaithnid	2
<b>Iomlán</b>	<b>297</b>

## Aguisín 3

### Nádúr na nGearán 2003 & 2004

Nádúr an Ghearáin 2003	Iomlán	%
Lasmuigh de Théarmaí Tagartha	30	19%
Nochtadh faisnéise	19	12%
Arduithe iarscoir	17	11%
Áireamh na mbuntáistí	13	8%
Íocaíochtaí míchearta/déanacha	10	6%
Aisiócaíocht ranníochtaí	8	5%
Teip ar scéim freagairt	8	5%
Caomhnú buntáistí	6	4%
Coinníollacha ballraíochta/dul isteach	5	3%
Luachanna aistrithe	5	3%
Ranníocaíochtaí breise deonacha	5	3%
Ceist déileála go cothrom	4	3%
Gan cinneadh tugtha go fóill	4	3%
Áireamh blianta seirbhíse	3	2%
Cailteanas airgeadais de bharr faisnéis a bhí míchruinn	3	2%
Fiosrú ginearálta	3	2%
Luathscor	3	2%
Buntáistí céilí agus cleithiúnaithe	2	1%
Díolachán mícheart	2	1%
Buntáistí Sainmhínithe V Ranníocaíocht	1	1%
Droch-shláinte	1	1%
Glinneáil suas	1	1%
Ranníocaíochtaí fostaithe a íoc	1	1%
Úsáid farasbairr	1	1%
<b>Iomlán</b>	<b>155</b>	<b>100%</b>

Nádúr an Ghearáin 2004	Iomlán	%
Lasmuigh de Théarmaí Tagartha	51	17%
Arduithe iarscoir	50	17%
Teip ar scéim freagairt	29	10%
Coinníollacha ballraíochta/dul isteach	23	8%
Áireamh na mbuntáistí	17	6%
Ranníocaíochtaí fostaithe a íoc	17	6%
Íocaíochtaí míchearta/déanacha	14	5%
Nochtadh faisnéise	14	5%
Luachanna aistrithe	10	3%
Ranníocaíochtaí breise deonacha	10	3%
Áireamh blianta seirbhíse	8	3%
Buntáistí céilí agus cleithiúnaithe	8	3%
Luathscor	7	2%
Glinneáil suas	6	2%
Caomhnú buntáistí	5	2%
Aisiócaíocht ranníocaíochtaí	4	1%
Cailteanas airgeadais de bharr faisnéis a bhí míchruinn	4	1%
Díolachán mícheart	4	1%
Ranníocaíochtaí fostóirí a íoc	4	1%
Droch-shláinte	3	1%
Úsáid farasbairr	3	1%
Fiosrú ginearálta	2	1%
Ionmhalartú pinsin	2	1%
Buntáistí Sainmhínithe V Ranníocaíocht	1	0%
Ceist déileála go cothrom	1	0%
<b>Iomlán</b>	<b>297</b>	<b>100%</b>

## Aguisín 4

# Coimriú ar Shruth na gComhad agus Anailísiú Ama ar Chlabhsúr na gComhad 2003 & 2004

### Coimriú ar Shruth na gComhad

	2003	2004
Ar Láimh ag tús na Bliana	0	112
Faighte i rith na Bliana	155	297
<b>Iomlán don Bhliain</b>	<b>155</b>	<b>409</b>
Clabhsúr curtha orthu i rith na Bliana	43	122
<b>Ar Láimh ag Deireadh na Bliana</b>	<b>112</b>	<b>287</b>

## Coimriú ar Chlabhsúr na gComhad

	2003	2004
Uimhir na gComhad ar cuireadh clabhsúr orthu	43	122
Meán-líon na Seachtaíní don gclabhsúr	4.92	13.16
Seachtaíní is mó don chlabhsúr	30.00	54.86
Seachtaíní is lú don chlabhsúr	0.00	0.00

## Fáth don Chinneadh

	2003	2004
Foirceannadh Deiridh – Glacadh leis an ngearán	0 0%	7 6%
Foirceannadh Deiridh – Níor glacadh leis an ngearán	0 0%	16 13%
Idirghabháil ar éirigh léi	8 18%	22 18%
Idirghabháil nár éirigh léi	2 5%	11 9%
Comhairle ghinearálta tugtha	2 5%	4 3%
Gearán nár leanadh leis	1 2%	0 0%
OTOR* – Ceist Déileála go cothrom	3 7%	2 1.5%
OTOR – Grúpghearán	2 5%	2 1.5%
OTOR – ní raibh i dtéarmaí tagartha Fhear an Phobail – cúis éagsúil	0 0%	7 6%
OTOR – Fear an Phobail eile/Rialóir/Eagraíocht	12 28%	16 13%
OTOR – Lasmuigh d'Am	4 9%	13 11%
OTOR – Cás SW	9 21%	19 16%
Comhairle tugtha faoin IDR – gan tuilleadh teagmhála	0 0%	3 2%

## Clabhsúr na gComhad curtha i gCrích

	2003	2004
Faoi 5 seachtaine	29	53
5 - 10 seachtain	5	13
10 - 15 seachtaine	4	8
15 - 20 seachtain	1	12
20 - 25 seachtaine	3	5
25 - 30 seachtain	0	8
30 - 35 seachtaine	1	6
35 - 40 seachtain	0	4
40 - 45 seachtaine	0	2
45 - 50 seachtain	0	2
Níos mó ná 50 seachtain	0	9

\* OTOR – Lasmuigh de na Téarmaí Tagartha \* IDR – Réiteach Inmheánach Conspóide


## Aguisín 5

# Lion na nGearán a fuarthas de réir míosa 2003 & 2004

	2003	2004
Eanáir	0	19
Feabhra	0	35
Márta	4	23
Aibreán	3	21
Bealtaine	7	22
Meitheamh	8	21
Iúil	13	16
Lúnasa	18	33
Meán Fómhair	39	27
Deireadh Fómhair	26	20
Samhain	19	39
Nollaig	18	21
<b>IOMLÁN</b>	<b>155</b>	<b>297</b>
<b>Meán de réir míosa</b>	<b>13</b>	<b>25</b>

	2003	2004
An Chéad Ráithe	4	77
An Dara Ráithe	18	64
An Tríú Ráithe	70	76
An Ceathrú Ráithe	63	80
<b>Iomlán</b>	<b>155</b>	<b>297</b>

### COMHAID NA NGEARÁN A FUARTHAS DE RÉIR MÍOSA



O

Fear an Phobail um Pínsín Tuairisc-Bhlantúil 2004

29

# Aguisín 6

## Reachtaíocht an Rialtais

Acht na bPinsean, 1990

Acht na bPinsean (Leasú), 2002

Acht Leasa Shóisialaigh (Solátháir Éagsúla) 2003

Ionstraim Reachtúil 397 de 2003

Inostraim Reachtúil 398 de 2003

Ionstraim Reachtúil 399 de 2003

# Aguisín 7

## Foilseacháin an hOifige

- Cad a dhéanann Fear an Phobail um Pinsin?
- Bealaí Oibre le Conspóidí a Réiteach:  
Nótaí treorach
- Orduithe agus Treoir do Fhreagróirí
- Ráiteas Straitéise 2004-2006
- Understanding Pensions –  
The Friendly Guide to Pensions<sup>1</sup>

Tá na foilseacháin seo ar fáil saor in aisce ón Oifig seo.

O

Fear an Phobail um Pinsin Tuairisc Bhliantúil 2004

31

<sup>1</sup> Scríobh Paul Kenny *Understanding Pensions* ar bhonn príobháideach agus rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh urraíocht air mar chuid d'Fheachtas Feasachta um Pinsin Náisiúnta i rith 2004. Is leis an gComhairle Pleanála Náisiúnta Scoir agus leis an gCumann Éireannach um Chistí Pinsean, Baile Átha Cliath an cóipcheart.



# Aguisín 8

## Caiteachas i 2003 agus 2004

Oifig Fhear an Phobail –  
Coimriú\* ar Íocaíochtaí sna blianta dar críoch 31 Nollaig 2003 agus 31 Nollaig 2004.

	2003 <sup>1</sup>	2004
	€	€
<b>Caiteachas</b>		
Costas Foirne	129,074	379,547
Costas Clóite/Postais/Teilechumarsáide	8,685	29,287
Fochostais	20,534	56,005
Fearas IT agus Oifige	43,339	9,003
Costas Áitreabh Oifige	139,950	27,050
	<b>341,582</b>	<b>500,892</b>

\* Tá ráiteas airgeadais na hOifige curtha ar aghaidh le hiniúchadh go dtí An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus nuair a bheidh an t-íniúchadh déanta cuirfear faoi bhráid an Aire Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh é le cur os comhair an Oireachtais.

<sup>1</sup> Ceapadh Fear an Phobail um Pinsin ar 28 Áibreán, 2003. Dá bhrí sin, clúdaíonn an costas do 2003, an tréimhse ó 28 Áibreán 2003 go 31 Nollaig 2003.